Trian Connacht i gcoimhéad aoinfhir

[Carney, James: *Poems on the O’Reillys*, Dublin, 1950, poem 34]

Tadhg Óg Ó Cianáin .cc.

1 Trian Connacht a gcoimhéd aoinfhir:
ní hiongnadh do dul ’na leith
[budh hé críoch agus cró in Daghdha]
da ró críoch Banbha ar breith.

2 Córaide do dul ’na cheannas
Clár Tuathail ó tá ’na chairt;
sul tí ó hÉnna a truaill tachair
do-ghéna uaim Achaidh Airt.

3 Ní anfa ar cuid do Chlár Meidhbhe
mac Úna nach obann dán;
síodh ar Fhilib is a éra
ná sirid síol Énna a n-ágh ?

4 Fine Colla fá chraoibh Sionna,
síol Raghallaigh fá [a] rosg mall,
da mbeath ’na cheann ar Gart nGaoidheal
ní budh fhearr Art Aoinfhear ann.

5 Cur ’na aghaidh fá Iath Meidhbhe?
mac Briain nocha beantar ris;
teach folaigh ní díon do dhuine
ar foghail ríogh Muighe Mis.

6 Gébhaidh comhadha Cláir Eachach,
iath Eamhna agas ní hé a-mháin:
gan fhód a ngoire múir Macha
gan oile a n-úir flatha Fáil.

7 Tré leirg uaine d’éis an chatha
crú a bhiodhbhadh do bhí mur eas;
giolla geal ó fhionnMhuigh Áine
do ionghair bean táidhe a dtreas.

8 Clódh a ndeabhaidh d’aicme Eachach
gan iath Fódla ní fiú dáibh;
gan na oghaid ’sa chléith catha
tré ghonaibh sgéith flatha [Fáil].

9 Deargfaidh Filip ag cur catha
croinn uaine dá n-oghair badhbh;
a shíodh le duine ina ndearna

luighe ríogh Eamhna fá [a] arm.

10 N... ar iad fá onchoin Cliodhna,
cuirn áille fa n-iadhaid sloigh
foireann brannaimh bile bhadhbha
d'arraibh tighe in Daghdha dóibh.

11 Ríomhuighthear le mac meic Fheidhlim
d'éigsibh Banbha gi-bé tug;
rug in maith ar a léim luighe,
léir ar fhlaith Ruidhe gu rug.

12 A dtéid a ngliaidh le géig nDaoile
ní dheachaidh fear nach fuair goin;
do dhol on taobh dá mbí a bhiodhbha
craobh Lí nocha thiobhra troigh.

13 Canfaidh mise re mac Una
[d'Uisneach Midhe cuirfidh ciaigh]:
"Dá rabh fúibh in Lia gan labhra,
ní bhia súil re damhna ad dhiaidh."

14 "Beanfa tú re tionól Bréifneach
Banbha Cuinn do chlannaibh cniocht:
ní rí neach ar a ní féine
gu ndeach, a rí Fhéile, ar h'iocht."

15 "A ngaile libh láthair catha
clann Eachach, a earla nocht;
gi-bé is teann ar tí do throda
gearr gu mbí 'gá oba ort."

16 . . . . . aois macaoimh
a mheic Úna in earla réidh,
aois as do ghaois, a rí Ruidhe,
nach í an aois a bhfoile fein?

17. . . . . . . . . .d'ól bar fhíona
d aicme Cuinn ní rainig ríomh;
a mbí at fhionnbhrugh, a ua Fhilib.
le hiongnadh nua ibhid fhíon.

18 . . . . . . . . . . . .Cláir Cunga,
ceatha troma um thulchuibh tuir,
an braon ar uinnibh mur fhearthain,
do dhuillibh craobh fearthair fuil.

19 . . . . . . . . . . . .féinidh Cnucha
ceatha braoin do-bheir fán bhFinn;

d’iomad meala um linntibh Leamhna
filltir feadha leabhra um linn.

20 . . . . . . . . . . . . . . . . . . .e
braon nuadhonn ag nighe frémh;
sruth gan guth ag tál ón tulaigh,
fál ’mun sruth do ughoibh én.

21.......... .........................
fa thriath mbaile ní bhí a nglionn;
ceilt clach nocha bhia um buinne
dá ria sgath Cuille ós a chionn.

22 ................................abhra
fan lainn gcaoil do bhí ’na bhois;
gu dtug guin is athghuin uadha
nír athruigh tuir Cluana in chois.

23 . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .
teacht ’na choinne cia lérbh áil ? -
airm ’na mbloghuibh ’sa chléith catha
tré ghonuibh sgéith flatha Fáil.

24 . . . . . . . . . . . . . .bi an oruim
aicme Cuinn ní chleachtaid síodh;
fuighle cliar gu gcluine Filib
fian uire ní ibhid fhíon.

25 . . . . . . . . . meic Fheidhlim
re headh troda ní théid glas;
cuimhne ar a fíoch ag foir Éirne.
ní dóigh in síoth d’éirghe as.

26 . . . . . . . . . . .d’iomchur
d’eirreadh catha craoibhe Cró;
searrach sdédomhail cinn cobhail
édomhain linn domhain dó.

27 . . . . . . . . . . . .é ar mac Úna
go hiath mBóinne do bhí a thriall;
créd budh cabhair do Mhuigh Meadhbha
gur thabhaigh tuir Teamhra in trian ?